Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13207/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0295(NLE)

FIN 1030
RESPR 33
CADREFIN 150
POLGEN 127

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12694/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12551/22 + ADD 1 (COM(2022) 485 final + ANNEX) |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir: Síneadh ar an tréimhse míosa<br>– *Formheas* |

1. An 18 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle a thogra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir (an 'Togra'). Tíolacadh an togra de bhun Airteagal 6(9) de Rialachán 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (an 'Rialachán maidir le Coinníollacht'). Beartaítear bearta sa togra chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir, ar sáruithe iad a aithnítear sa togra féin.

2. Ag an am céanna, admhaítear sa togra, mar a shoiléirigh an Coimisiún a thuilleadh ag cruinnithe Coreper II agus ag cruinnithe den Choiste um an mBuiséad, an t-idirphlé cuiditheach leis an Ungáir agus an dul chun cinn atá déanta ag údaráis na hUngáire. Tagraítear sa togra do shraith 17 mbeart feabhais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin agus a bhaineann le creat dlíthiúil na hUngáire agus, tríd is tríd, leis an gcleachtas. Tugann an Coimisiún dá aire nach mór don Ungáir céimeanna tábhachtacha a ghlacadh chun go gcuirfí an-chuid de na bearta feabhais atá beartaithe chun feidhme go dtí an 19 Samhain 2022[1]. Measann an Coimisiún '*(...) go bhféadfadh na bearta feabhais atá beartaithe, arna nglacadh le chéile, dá sonrófaí i gceart iad sna dlíthe achtacháin agus sna rialacha cur chun feidhme agus dá gcuirfí chun feidhme iad dá réir sin, i bprionsabal, ach sin ag brath ar shonraí na mbeart, d'fhéadfaidís aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a thuairiscítear san fhógra*'[2].

3. Faoi Airteagal 6(10) den Rialachán maidir le Coinníollacht, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint laistigh d'aon mhí amháin tar éis di an togra a fháil ón gCoimisiún. Foráiltear le hAirteagal 6(10) den Rialachán maidir le Coinníollacht gur féidir 2 mhí ar a mhéad a chur leis an tréimhse chun an cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh '*i gcás ina n-eascróidh imthosca eisceachtúla*'.

4. Ós rud é go bhfuair an Chomhairle an togra an 18 Meán Fómhair 2022, is é an 19 Deireadh Fómhair 2022 an lá deireanach a mbeidh an Chomhairle in ann an togra a ghlacadh.

5. Á chur san áireamh, mar a mhínítear sa togra, nach mór don Ungáir an reachtaíocht achtacháin agus na rialacha cur chun feidhme a bhaineann leis na bearta feabhais breise a ghlacadh faoin 19 Samhain 2022 agus go dtéann an dáta sin thar an tréimhse inar féidir leis an gComhairle gníomhú (a chríochnaíonn faoin 19 Deireadh Fómhair 2022), d'iarr an Ungáir ag cruinniú Coreper II an 21 Meán Fómhair 2022 ar an gComhairle a marana a dhéanamh faoi shíneadh 2 mhí a chur leis an tréimhse sin.

---

[1] Féach míreanna (83) agus (84) den Mheabhrán Míniúcháin (12551/22, lch. 23) agus na príomhchéimeanna cur chun feidhme sna bearta feabhais atá i dtábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Míniúcháin (12551/22 ADD1, lgh. 1- 3).

[2] Féach mír (121) den Mheabhrán Míniúcháin (12551/22, lch. 34).

6. Ag na cruinnithe a bhí aici an 22 agus an 28 Meán Fómhair 2022, scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ón gCoimisiún agus an iarraidh ón Ungáir ar shíneadh ama. Agus plé a dhéanamh ar an fhéidearthacht 2 mhí eile a chur leis an tréimhse sin, mheas an Coiste um an mBuiséad na heilimintí thíos.

7. Tá an síneadh i gcomhréir le cuspóir an Rialachán maidir le Coinníollacht chun buiséad an Aontais a chosaint agus beidh cead ag an mBallstát lena mbaineann, ag gach céim den nós imeachta, bearta leordhóthanacha a ghlacadh chun na sáruithe a sainaithníodh ar phrionsabal an smachta reachta lena ndéantar difear do bhuiséad an Aontais nó a bhfuil baol mór ann go ndéanfar difear dó, a leigheas go deo.

8. I bhfianaise na réasúnaíochta coiscthí sin a bhaineann leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, is féidir a mheas gurb eisceachtúil iad cuid de na himthosca as ar eascair an nós imeachta maidir leis an Ungáir. Áirítear ar na himthosca sin gur gheall an Ungáir bearta feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gcás i gcomhréir le féilire mionsonraithe; go measann an Coimisiún go bhféadfadh na bearta feabhais atá beartaithe, arna ndéanamh le chéile, agus arna nglacadh de réir an fhéilire a luaitear, dá sonrófaí i gceart iad sna dlíthe achtacháin agus sna rialacha cur chun feidhme agus dá gcuirfí chun feidhme iad dá réir sin, i bprionsabal, ach sin ag brath ar shonraí na mbeart, d’fhéadfaidís aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna; gur gá don Choimisiún agus don Chomhairle go leor ama a bheith acu chun measúnú a dhéanamh ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme na mbeart feabhais, agus líon ard na mbeart agus an chastacht theicniúil á gcur san áireamh.

9. An 5 Deireadh Fómhair 2022, bhí malartú tuairimí ag Coiste na mBuanionadaithe maidir leis an togra, agus dhírigh sé go háirithe ar shíneadh a chur leis an tréimhse míosa faoinar gá don Chomhairle gníomhú.

10. Ar an mbonn sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle síneadh 2 mhí eile go dtí an 19 Nollaig 2022 a chur leis an spriocdháta faoinar gá don Chomhairle gníomhú, a rachaidh in éag an 19 Deireadh Fómhair 2022.